



Lúb an Mhartello

Téacs: Mandaí Uí Mhurchú

Líníochtaí: David Hill

Níos luaithe i mbliana d'fhoilsigh Cósta Chonamara sraith leabhráin a thugann cuntas ar shiúlóidí éagsúla sa gceantar. Sa sliocht seo thíos déantar cur síos ar ghnéithe áithride de stair Ros a' Mhíl a bhfuil iarsmaí de le feiceáil againn i gcónaí.

Thuig An Bhreatain luath go maith sa chogadh 1793-1801 in aghaidh na Fraince, go raibh cósta thiar na hÉireann leochaileach agus aibidh i gcóir ionraidh. Cruthaíodh dóibh go raibh údar imní acu nuair a tháinig General Humbert agus 1,000 saighdiúir Francach ina theannta i dtír i gCill Ala i gCo. Mhaigh Eo. Cloíadh fórsaí na Fraince faoi cheannas General Humbert ach tuigeadh do na Sasanaigh gurbh iad Cuan na Gaillimhe nó Inbhear na Sionainne na spriocanna a bhí ag Forsaí na Fraince chun a theacht i dtír ó thúis.

Ar athosnú na gcogadh Francacha sa bhliain 1803 tosnaíodh scéim mhór ag tógáil Túir Martello, dúnta gunnaí móra, agus túir chomharthaíochta thart faoi chósta na Éireann agus ar Abhainn na

Sionainne.

D'fhonn Cuan na Gaillimhe a chiorcaladh agus a chosaint ó ionsaí, tógadh túir chomharthaíochta ar Cheann Léime i gCo. an Chláir, ar Inis Oirr, agus ar Cheann Gólaime i Leitir Mealláin. Tógadh Túir Martello ag Baile Uí Bheacháin, in Each Inis agus i Ros a Mhíl i gCuan Chasla. Tá imlíne neamhghnáthach ag túr Ros a Mhíl. Tá sé ag caolú isteach de réir a chéile ar a bhealach suas agus ansin ag leathnú amach ag a bharr, éagsúil leis an gceann in Each Inis agus leis an gceann i mBaile Uí Bheacháin. Bhí dabhach uisce faoina bhun, armlann, stórtha agus, aisteach go leor, áit chónaithe ann d'oifigeach amháin agus do thríocha saighdiúir. Tógadh an túr seo thart ar 1815 agus bhí cónaí ar shaighdiúirí ann go dtí 1836. Tá deá-

chaoi fós air, cé gur baineadh roinnt clocha as na forbhallaí, agus tá an gunna mór agus an t-ardán trasnaile a ghabhann leis ar an díon go fóill.

Tógadh Stáisiún Gárdaí Cósta i mBaile an tSléibhe idir 1860 agus 1870. Bhí cónaí ar Ghardaí Cósta ann go dtí 1922 nuair a tugadh ar lámha don Rialtas dúchais é. Loisceadh é le linn na 'dtrioblóidí', agus níl ina sheasamh anois ach na fallaí agus an simléar ina lonnainn cáganna agus préacháin deargchosacha.


An tSeanchéibh

Is fada an lá iad na gleoiteogaí agus na huicéirí ag tarraingt móna as Ros an Mhíl go hÁrainn agus go Co. an Chláir agus earraí anoir ó Chathair na Gaillimhe. Tógadh an tseanchéibh sa bhliain 1877 agus an chéibh mhór nua-aimseartha sna 1970'oidí. I dteannta é a bheith ina chalaphort mór iascaigh anois, tá an-tóir ag turasóirí air mar ionad trasnaithe go hÁrainn ar bhaid farantóireachta. Is fada an lá an bhrí atá le Ros a'Mhíl imithe i ndearmad. Séard is brí le Ros, ná píosa talún ag gobadh amach sa bhfarraige ach tugtar go leor míniúcháin éagsúla ar "Mhíl". D'fhéadfadh go gciallaíonn sé Maoil (cnoc íseal), Míol Mór nó fiú 'Mhíchíl', i ndiaidh Míchíl Uí Conaire, fear a raibh cónaí air sa cheantar tráth.

Teach Mór Chasla

Bé George Ismay a thóg teach mór Chasla. Tá an teach suite ar an abhainn in aice an chrosbhóthair a théann i dtreo na céibhe... Cuireadh i leith Ismay gur éalaigh sé den Titanic tré ghléasadh mar bhean agus go raibh an oiread náire air faoin eachtra sin gur theastaigh uaidh fanacht as bealach na ndaoine agus dul i bhfolach agus gurbh é sin an chúis gur thóg sé a theach san áit iargúlta sin. Tógadh scoil san áit a bhfuil an t-Ionad Pobail anois, sa bhliain 1885 agus tógadh an scoil nua sa bhliain 1969. Aisteach go leor, ní raibh aon séipéal i Ros a'Mhíl go dtí 1937 agus ba i dteach cónaí a thionóltaí seirbhísí eaglasta go dtí gur tógadh an séipéal nua. Ag

breathnú anuas do dhuine ón taiscumar ar bharr an chnoic is díol spéise iad na céadta agus na mílte claíocha a bhí mar theorainneacha idir na tithe agus na páirceanna san am atá caite, agus b'fhiú smaoineamh ar na hathruithe móra atá tagtha ar an gceantar seo ó leag an chéad shaighdiúr Sasanach a chos ar thalamh ann agus an fhorbairt a tháinig ar Ros a'Mhíl ó bheith ina cheantar iargúlta talmhaíochta ag stracadh leis an ngannchuid go dtí Ros anMhíl an lae inniu - calaphort crúógach mara agus iascaigh.



Tigh Pheadair Mór

Bántrach, Baile na hAbhann

■ **Beár** ■

Go n-éirí go geal leis an bPléaráca



Bord Sláinte an Iarthair ÁRAS MAC DARA

Míle buíochas agus go n-éirí leis an bPléaráca!

Teach Mór Scríbe

Scríb, Co. na Gaillimhe
091-74110

**Teach aíochta
Iascaireacht ar Aibhneacha
agus ar Locha**

*Go n-éirí go geal le
Pléaráca Chuanmara '93*

Plandáil Gaoithe na Farraige

Teil: 091-72210



*Lascaine 10% ar fáil
i nith an Phléaráca!*

Ar oscailt:

**Luan – Aoine; 9 – 5
Satharn; 10 – 6**

Gach rud ar fáil do do Gháirdín